Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13664/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0229 (NLE)**

**POLCOM 252**
**UD 190**
**COLAC 103**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas é an 26 Meitheamh 2012 i gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle[2] a mhéid a bhaineann leis an gColóim agus Peiriú, agus an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh 2016/2369/AE ón gComhairle[3] a mhéid a bhaineann le hEacuadór. De bhun Airteagal 330(3) den Chomhaontú, tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Márta 2013 ann idir an tAontas agus Peiriú, ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann idir an tAontas agus an Cholóim, agus ó bhí an 1 Eanáir 2017 ann idir an tAontas agus Eacuadór.

---

1 IO L 354, 21.12.2012, lch. 3.

2 Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile (IO L 354, 21.12.2012, lch. 1).

3 Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle an 11 Samhain 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh (IO L 356, 24.12.2016, lch. 1).

(2) De bhun Airteagal 13(2)(g)(iii) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú ('an Coiste um Thrádáil') na rialacha tionscnaimh sonracha a bhunaítear in Iarscríbhinn II (Maidir le Sainiú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus Modhanna Comhair Riaracháin) a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú. Maidir le Foscríbhinn 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá ledéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe), Foscríbhinn 2A (Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) agus Foscríbhinn 5 (Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Peiriú agus Eacuadór maidir leo) a ghabhann le hIarscríbhinn II, tá siad bunaithe faoi láthair ar an ainmníocht faoi na leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe ('CC') arna rialú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí[4], arna leasú.

(3) Tá an Coiste um Thrádáil le cinneadh a ghlacadh, trí nós imeachta i scríbhinn, lena modhnaítear Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II chun foclaíocht caibidlí, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe a ailíniú agus chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a oiriúnú do leagan 2022 de CC, a tugadh isteach an 1 Eanáir 2022. Ar mhaithe le soiléireacht, agus líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar na Foscríbhinní á chur san áireamh, is gá iad a ionadú ina n-iomláine.

[4] IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.

(4) Meastar go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil an Cinneadh le linn an cheathrú ráithe de 2024.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gComhaontú Trádála san Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*